Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Feabhra 2025**
**(OR. en)**

**6350/25**

**SOC 80**
**EMPL 54**
**AG 18**
**COH 5**
**SAN 58**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/an Chomhairle |
| Ábhar: | Seimeastar Eorpach 2025: Na dúshláin a bhaineann leis an gclaochlú geal-liath – Dreasachtaí agus réitigh shistéamacha chun gníomhaíocht ghairmiúil dheonach leathnaithe seanóirí a chur chun cinn<br>– Díospóireacht bheartais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta stiúrtha ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite, d'fhonn ullmhú don díospóireacht bheartais a thionólfar sa Chomhairle (EPSCO) an 10 Márta 2025.

Faoi láthair, is minic a bhíonn daoine scothaosta i mbaol mór bochtaineachta, agus ní aithnítear go hiomlán an méid a chuireann siad leis an ngeilleagar agus leis an tsochaí. Tá an gannmheastachán agus, fiú, an t-idirdhealú nó an t-eisiamh atá á dhéanamh ar dhaoine scothaosta ina scamall ar go leor acu agus iad ag dul anonn in aois.

Cé go bhfuil méadú tagtha ar rátaí gníomhaíochta agus fostaíochta daoine idir 55 agus 64 bliana d'aois ó 2009 i leith, tá siad fós i bhfad níos ísle ná rátaí oibrithe san aoisghrúpa príomha, go háirithe i measc mná scothaosta, rud a thugann le fios go bhfuil acmhainneacht neamhshaothraithe na rátaí sin le gníomhachtú a thuilleadh. Tá ráta na dífhostaíochta fadtéarmaí (12 mhí nó níos mó) i bhfad níos airde freisin i measc oibrithe scothaosta ná mar atá sé in aoisghrúpaí eile. Ach daoine scothaosta a ghníomhachtú, féadfar maolú a dhéanamh ar an drochthionchar a bheidh ag aosú an daonra ar lucht saothair an Aontais, agus ar an méadú a mheastar a thiocfaidh ar an nganntanas scileanna agus saothair. Tá gá le beartais shaincheaptha chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní sonracha ar fhostaíocht atá roimh dhaoine scothaosta, mar shampla idirdhealú aoise san earcaíocht. Is gnách go ndíríonn beartais fostaíochta go príomha ar dhaoine fásta atá 'in aois oibre' a chuireann srian ar rochtain ar dheiseanna fostaíochta nó ar oideachas agus oiliúint aosach do dhaoine atá in aois inphinsin. Ina theannta sin, cuireann infhaighteacht theoranta seirbhísí cúraim isteach ar fhreagrachtaí cúraim neamhfhoirmiúil na mban scothaosta agus bíonn tionchar diúltach aige sin ar a rannpháirtíocht i margadh an tsaothair.

Is minic a mheastar gur bealach í an teicneolaíocht dhigiteach chun réitigh a chur ar fáil do lucht saothair atá ag dul in aois. Mar sin féin, d'fhéadfaí níos mó a dhéanamh chun na scileanna digiteacha is gá a chinntiú, chomh maith le hinrochtaineacht, inacmhainneacht agus infhaighteacht teicneolaíochtaí nua, as a n-eascraíonn roinnt fadhbanna, lena n-áirítear baol soiléir go n-eisiafar roinnt daoine.

Sa bhreis ar sheirbhísí sonracha do dhaoine scothaosta, mar shampla cúram fadtéarmach, chun leochaileacht a laghdú agus cuimsiú daoine scothaosta a chur chun cinn, tá gá le rochtain chomhionann ar sheirbhísí príomhshrutha. Breathnaítear ar aosú den chuid is mó ó thaobh costais de, seachas ar na deiseanna a bhaineann le fad saoil atá níos faide, agus is beag aird a thugtar air go fóill ar chláir fhormhór na rialtas.

Le beartais náisiúnta, ba cheart aosú agus sásraí tacaíochta iomchuí do dhaoine scothaosta a phríomhshruthú sa phleanáil shóisialta agus eacnamaíoch. Ba cheart riachtanais daoine scothaosta a chur san áireamh i mbeartais fostaíochta, dálaí oibre, sláinte, iompair, tithíochta agus leasa. Ba cheart na cuspóirí earnálacha sin a chomhtháthú i straitéisí sóisialta níos leithne freisin.

Féadfaidh córais phinsin saol oibre níos faide a éascú freisin, go háirithe trína chur ar chumas daoine aonair an pinsean a chomhcheangal le gníomhaíocht ghairmiúil leanúnach nó trí dhreasachtaí a mhéadú do rannpháirtíocht leathnaithe. I measc na dtosca atá le cur san áireamh tá cóir chothrom d'oibrithe a théann isteach go luath sa mhargadh saothair nó atá fostaithe i bpoist atá dian ar an gcorp nó contúirteach, nó post a chomhcheangal le freagrachtaí teaghlaigh agus cúraim, an gá atá le deiseanna athdháilte a chaomhnú i measc grúpaí ginte ioncaim, agus sosanna gairme a chosaint.

Ar leibhéal an Aontais, leagtar béim sna Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Aosú a Phríomhshruthú i mBeartais Phoiblí, sa Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus i Straitéis Cúraim na hEorpa ar a thábhachtaí atá sé a chinntiú go leanfar d'oibrithe scothaosta agus daoine scothaosta a áireamh go gníomhach i margadh an tsaothair agus sa tsochaí i gcoitinne. Chun cóineasú sóisialta a mhéadú agus Eoraip Shóisialta níos láidre a thógáil, tá sprioc leagtha síos ag an gCoimisiún go mbeidh 78 % de mhuintir na hEorpa fostaithe faoi 2030. Tá go leor de phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ábhartha maidir le haosú gníomhach folláin – ó rochtain ar oideachas agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus comhdheiseanna, ioncam agus pinsin go cúram fadtéarmach agus cúram sláinte nó dálaí oibre cothroma. Chun an méid sin a bhaint amach, beidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i bpoist chuimsitheacha ardcháilíochta agus i ndálaí oibre do chách, lena n-áirítear oibrithe scothaosta.

I ngeall ar Phlean Gníomhaíochta an Cholúin tá líon suntasach tionscnamh agus raon feidhme suntasach tionscnamh curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún Eorpach sa réimse sóisialta, a bhfuil tionchar díreach ag go leor acu ar dhaoine scothaosta. Áirítear sa Chlár Oibre Scileanna don Eoraip gníomhaíochtaí chun conairí oiliúna a dhéanamh níos solúbtha agus níos oiriúnaí, ar feadh an tsaoil, do shochaithe atá ag dul in aois. Ina theannta sin, tá sé ar cheann de thosaíochtaí Chreat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2021-2027 athruithe a thuar agus a bhainistiú i gcomhthéacs sochaithe atá ag dul in aois.

Leis na hathruithe déimeagrafacha, tá dúshláin nua romhainn agus éilíonn siad, *inter alia*, saol oibre níos faide. Ba cheart a chur san áireamh sa fhreagairt bheartais ar na dúshláin sin míshástacht an daonra leis na tograí chun an aois scoir a ardú agus, dá bhrí sin, bealaí a lorg chun gníomhaíocht dheonach a spreagadh go dearfach i margadh an tsaothair. Ar an gcéad dul síos, ní mór dúinn deireadh a chur leis na bacainní atá roimh oibrithe scothaosta faoi láthair chun fanacht i margadh an tsaothair agus réitigh shaincheaptha a chur ar fáil lena gcinnteofar saol oibre ar ardchaighdeán. Ba cheart do na Ballstáit, chomh maith leis na hinstitiúidí Eorpacha, cur chuige a ghlacadh lena léirítear réaltachtaí an chonair saoil agus tionchar na fostaíochta ar shaol an duine aonair, agus leas á bhaint as acmhainneacht agus taithí iomlán na ndaoine scothaosta i margadh an tsaothair agus sa tsochaí. Tá cuid de na bearta atá beartaithe ag dul sa treo ceart, ós rud é go dtugann siad aird ar leith ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

I bhfianaise ilchineálacht mhargadh an tsaothair, lena n-áirítear éagsúlacht na n-earnálacha, na ngairmeacha, na gcineálacha post agus na gconarthaí, ba cheart dúinn beartais agus cleachtais a shainaithint chun oibrithe scothaosta a chumhachtú.

Cé gur inniúlacht de chuid na mBallstát go príomha iad go leor de na beartais phoiblí a d’fhéadfadh cabhrú le daoine scothaosta a chumhachtú, tá tionchar suntasach ag aosú an daonra ar sholáthar saothair, agus ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach an airgeadais phoiblí. Dá réir sin, is dúshlán é sin ar cheart aird a thabhairt air faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh atá dírithe ar bheartais eacnamaíocha agus fostaíochta a chomhordú. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh agus béim chomhionann á cur ar bheartais lena dtacaítear le haosú gníomhach, le síneadh deonach a chur leis an saol oibre agus le cumhachtú daoine scothaosta sa tsochaí.

Le blianta beaga anuas, tá athruithe móra tagtha ar an Aontas, agus a thosaíochtaí polaitiúla á gcur in oiriúint aige do na dúshláin atá romhainn. Tá rún daingean ag an Aontas a rathúnas inbhuanaithe agus a chumas iomaíochta a chinntiú agus, ag an am céanna, an geilleagar sóisialta margaidh a neartú agus a cheannasacht, a shlándáil eacnamaíoch agus a thionchar domhanda a chosaint.

Ina cháil mar shásra lárnach chun beartais eacnamaíocha agus fostaíochta na mBallstát a chomhordú, leis an Seimeastar Eorpach soláthraítear an creat chun na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe is gá a chur chun feidhme. Tríd an Seimeastar Eorpach, leanfar de dhúshláin shocheacnamaíocha a shainaithint agus treoraíocht a thabhairt maidir leis na gníomhaíochtaí beartais is gá chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, sa chaoi go gcuirfear feabhas ar iomaíochas, ar inbhuanaitheacht agus ar chothroime shóisialta an Aontais.

Is é is aidhm do Sheimeastar Eorpach 2025 an tAontas a dhéanamh níos iomaíche agus níos sláine i bhfad na haimsire trí thacú leis an dul chun cinn i dtreo geilleagar glas, digiteach, cuimsitheach, athléimneach.

Go dtí seo, rinneadh anailís sa Seimeastar ar dhúshláin a bhaineann le haosú agus ar bhealaí áirithe rinneadh anailís freisin ar acmhainneacht oibrithe scothaosta, moladh go gcuirfí tuilleadh oiliúna ar fáil agus go gcruthófaí níos mó post in earnáil na sláinte agus an chúraim fhadtéarmaigh, rud atá riachtanach chun freagairt ar an éileamh méadaitheach ar sheirbhísí cúraim a bhaineann le haosú an daonra, agus féachaint freisin ar a thábhachtaí atá sé oibrithe scothaosta a lánpháirtiú i margadh an tsaothair chun freagairt ar ghanntanais scileanna agus saothair. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé tuilleadh béime a chur ar dhaoine scothaosta mar acmhainn lucht saothair a bhfuil scileanna, taithí agus acmhainneacht acu, nó ar shláinte nó ar bhlianta dea-shláinte a fheabhsú. Ba cheart rátaí ísle fostaíochta na ndaoine scothaosta sa mhargadh saothair agus na cúiseanna ina leith a chur san áireamh.

I bhfianaise Straitéis Cúraim an Aontais (2022) agus an Mholta ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán (2023), lena ndeimhnítear ról an tSeimeastair maidir leis an Straitéis a sholáthar, creidimid gur cheart aird a thabhairt ar bheartais sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh atá dírithe ar an othar. Sa Seimeastar, ba cheart leanúint de rátaí bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta daoine scothaosta, go háirithe mná scothaosta, a chur san áireamh ar leibhéal an Aontais. I réimse na foghlama ar feadh an tsaoil agus na scileanna, d'fhéadfaí rannpháirtíocht íseal daoine scothaosta san oideachas aosach a lua.

Más é an sprioc atá againn cur leis na hiarrachtaí chun geilleagar athléimneach agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, ní mór ár marana a dhéanamh ar an gcaoi ar mian linn go ndéanfadh an Seimeastar Eorpach anailís ar bheartais phoiblí maidir le haosú i gcoitinne, agus ar dhreasachtaí dearfacha do shaol oibre níos faide go háirithe, agus moltaí a dhéanamh do na Ballstáit dá réir sin.

**Sa chomhthéacs sin, iarradh ar na hairí a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na ceisteanna seo a leanas:**

1) *Cad iad na dreasachtaí beartais a úsáideann do thírse chun saol oibre níos faide a chur chun cinn?*

2) *An gceapann tú go dtugann an Seimeastar Eorpach aird leordhóthanach cheana féin ar dhúshláin agus ar dheiseanna a bhaineann le haosú, nó gur cheart aird níos mó a thabhairt ar chuid acu, agus sa chás sin, cad iad na dúshláin agus na deiseanna atá i gceist?*